

**24 Meán Fómhair 2009**

**Bileog nua: Conradh Liospóin – vótáil NÍL leis**

Beidh Gluaiseacht an Phobail ag seoladh bileoige Gaeilge don “NÍL” le Conradh Liospóin i mBaile Átha Cliath ar an Aoine, 25ú Meán Fómhair, ag Connolly Books, 43 Sráid Essex Thoir, ar 1.30 i.n.

Tomás Mac Síomóin, údar agus fealsamh, a sheolfaidh an bhileog, atá seolta sna Gaeltachtaí cheana. Seasann Gluaiseacht an Phobail, atá ar an bhfód le ceithre bliana, i gcoinne gach iarracht chun ollstát le breis cumhachtaí míleata a dhéanamh as an AE.

Thabharfadh Conradh Liospóin feidhm fhoirmiúil do thionscal na n-arm san AE. Chuirfeadh sé deireadh leis an *veto* atá againn i 60 réimse eile den saol, i dteannta na 35 cinn a tógadh uainn le Nice:

- Deireadh le flaitheas neamhspleách na tíre
- Bheadh ár seirbhísí poiblí – iompair, poist, fuinnimh agus fiú amháin oideachais is sláinte – mar pháirt den mhargadh agus oscailte chun brabúis.

Tá eolas breise agus cóipeanna crua den bhileog ar fáil ó: [post@people.ie](mailto:post@people.ie)

Tá leagan leictreonach den bhileog Gaeilge le fáil ar shuíomh idirlín Ghluaiseacht an Phobail.

[CRÍOCH]

Frank Keoghan (rúnaí) – 087 2308330